2024/2062

31.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2062 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Airítear ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch mar bhia núíosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(4) De bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch údaraithe lena cur ar an margadh mar bhia núíosach atá le húsáid i roinnt bianna.

(5) An 30 Eanáir 2024 chuir an chuideachta DSM Nutritional Products Ltd. ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch a athrú. D'iarr an t-iarratasóir go laghdófaí an leibhéal údaraithe reatha le haghaidh aigéad docaisiheicséanóch ó leibhéal atá cothrom le 22,5 % nó níos mó ná sin go dtí leibhéal atá cothrom le 15,0 % nó níos mó ná sin.

(6) Is é barrfheabhsú cothaitheach coipthe agus dálaí monaraíochta an t-údar a thug an t-iarratasóir leis an iarraidh ar na hathruithe atá beartaithe ar na sonraíochtaí. An laghdú dá thoradh sin ar leibhéil aigéid dhocaisiheicséanóch sa táirge, bhí sé beartaithe agus bhí coinne leis, agus tá sé mar thoradh ar fheabhsú agus barrfheabhsú an táirgthe a bhaineann go príomha le mionathruithe ar chéim an choipthe, gan aon athrú ar na céimeanna próiseála eile. Chuir an t-iarratasóir in iúl nach ndéanann an t-athrú a iarradh ar shonraíochtaí ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch difear do shábháilteacht an bhia núíosaigh.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair bhia núíosacha (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/258/oj).

(7) An nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais maidir leis an athrú ar shonraíochtaí ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch, mar ata beartaithe ag an iarratasóir, measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar aige ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Baineann an t-athrú ar na sonraíochtaí a iarradh le leibhéil aigéid dhocaisiheicséanóch atá níos ísle ná na leibhéil a mheas an tÚdarás ([4]) a bheith sábháilte roimhe seo. An t-athbhreithniú sin ar na sonraíochtaí le haghaidh ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch, baineann sé le hathrú ar aon pharaiméadar amháin, is é sin an leibhéal aigéid dhocaisiheicséanóch, agus ní athraítear paraiméadair eile na sonraíochtaí.

(8) Maidir leis na hathruithe ar shonraíochtaí an bhia núíosaigh, is leor an foras atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa 'Tuairim Eolaíoch maidir le húsáid ola algach atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch ó *Schizochytrium* sp. mar chomhábhar Bia Núíosaigh a leathnú' ón Údarás chun a shuí go bhfuil na hathruithe sin i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Tuairim Eolaíoch maidir le húsáid ola algaí atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch ó Schizochytrium sp. mar chomhábhar Bia Núíosaigh a leathnú (*Iris EFSA* 2014;12(10):3843).

I dtábla 2 (Sonraíochtaí) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hola *Schizochytrium sp*. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch:

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
‘**Ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch**	Luach aigéid: ≤ 0,5 mg KOH/g Luach sárocsaíde (PV): ≤ 5,0 meq/kg ola Cobhsaíocht ocsaídiúcháin: Ba cheart cobhsaíocht ocsaídiúcháin a léiriú trí mhodheolaíocht tástála náisiúnta nó idirnáisiúnta atá iomchuí agus aitheanta (e.g. Comhlachas na gCeimiceoirí Anailíseacha Oifigiúla) i gcás na dtáirgí uile ina bhfuil ola *Schizochytrium* sp. atá saibhir in aigéad docaisiheicséanóch agus in aigéad icisipeintéanóch Taise agus galacháin: ≤ 0,05 % Ábhair neamh-inghallúnaithe: ≤ 4,5 % Aigéid thras-sailleacha: ≤ 1 % An cion aigéid dhocaisiheicséanóch: ≥ 15 % An cion aigéid icisipeintéanóch: ≥ 10 %’